# Údarás na Gaeltachta in éagmais na Gaeltachta

An tOllamh Conchúr Ó Giollagáin
Ollamh Taighde na Gàidhlig, Stiúrthóir Institiúid na nEolaíochtaí Teanga sa UHI
Ollscoil na Gaeltachta agus na nOileán, Alba

*Cur i láthair do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge, 3 Bealtaine 2023*

## Réamhrá

A Chathaoirligh, a Theachtaí Dála, a Sheanadóirí agus a chairde,
Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill agus do Chathaoirleach an Chomhchoiste as cuireadh a thabhairt dom labhairt libh inniu. Sa gcaint seo, déanfaidh mé anailís chriticiúil ar chúinsí na Gaeltachta agus moltaí dearfacha ina dtaobh freisin.

Is é an ní is suntasaí faoi staid chomhaimseartha na Gaeltachta an leisce fhorleathan i measc an Státchórais an fhírinne lom a admháil. Ní údar iontais é mar sin easpa éifeachta an chórais reatha in aghaidh chreimeadh deireadh ré na Gaeltachta. Ní fhéadfadh rath a bheith ar chóras nach bhfuil bunaithe ar dhiagnóis stuama ar an bhfadhb a bhfuiltear i ngleic léi. In ainneoin na dtacaíochtaí oifigiúla ar fad, tá an pobal agus a gcuid foras sáinnithe i bhfáinne fí an dul amú oifigiúil – séantar an fhadhb agus cuirtear bac ar bheartas ciallmhar in aghaidh na faidhbe!

## Príomhsprioc an Stáit

Ach sula ngabhfaidh muid níos doimhne i ndála na Gaeltachta comhaimseartha ní mór a admháil go ndearna an Stát iarrachtaí fónta feabhas ar a chur ar chinniúint na nGael. I measc na n-éachtaí ba shuntasaí a raibh lámh ag na forais stáit iontu, tá an tacaíocht leanúnach a tugadh do chothú líon mór cainteoirí darna teanga Gaeilge. Údar mórtais go deimhin, ach is é an bród oifigiúil céanna faoi rathúnas na bhfoghlaimeoirí dara teanga is cúis le cuid den mharbhsháinn reatha. Tá leas á bhaint as forás in earnálacha áirithe oifigiúla leis an fhírinnne a cheilt faoi chroí-réimse atá cinniúnach d'inmharthanacht mhionteanga, is é sin seasmhacht an phobail dúchais urlabhra. Go simplí faoi réir cúinsí reatha sóisialta an *status quo*, níl an Ghaeltacht mar atá sí inmharthana. Mar sin, de réir mar atá cúrsaí faoi láthair, is cosúil go bhfuil fócas pleanála teanga an Státchórais teoranta do spéiseanna cainteoirí Béarla sa nGaeilge darna teanga. Is é príomhsprioc an Stáit tosaíocht a thabhairt do na foghlaimeoirí Gaeilge; fágann sin go bhfuil straitéis fhaillíoch á feidhmiú i leith na Gaeltachta.

## Iarsma de Ghaeltacht in éagmais an phobail stairiúil Ghaelaigh

I bhfianaise neamhaird leanúnach an Státchórais ar thátal agus ar mholtaí na dtuarascálacha taighde,[1] is é dearcadh an chraicinn is a luach atá le sonrú ar chur chuige an Státchórais sa nGaeltacht. Ní fhéadfadh tacaíochtaí na bhforas Gaeltachta a bheith ábhartha do riachtanais reatha na Gaeltachta fhad is atá neamhaird á déanamh ar fhírinne shóisialta na nGael. Iarsma de Ghaeltacht in éagmais an phobail stairiúil Ghaelaigh an t-aon toradh a bheas ar an díréir oifigiúil seo.

## Laghad Dhaonlathas na nGael ar Bhord an Údarais

Sa treocht dhoshéanta chun ha hIar-Ghaeltachta, maithfidh sibh dom é má chuirim meafar an Titanic ag obair sa díospóireacht faoi thoghchán Údarás na Gaeltachta. Cén mhaith babhtáil thimpeall ar ionadaithe Bhord an Údaráis nuair atá an Ghaeltacht thrí chéile ag déanamh ar chnap mór leac oighir? Is é leasú ó bhonn ar chur chuige iomlán an Stáit sa nGaeltacht a theastaíos seachas plé teoranta orthu siúd a dhéanfas ionadaíocht ar *status quo* beagfhiúntais.

## Daonra Gaelach na Gaeltachta – 20,000 duine

Ós é go bhfuil pobal Gaelach na Gaeltachta teoranta anois do thart ar 20,000 míle duine, ní bhaineann ach an cúigiú cuid de dhaonra na Gaeltachta Oifigiúla le ceantracha a bhfuil bonn sóisialta le labhairt na Gaeilge iontu. Sa gcás seo, beidh baill tofa Bhord an Údaráis ag déanamh ionadaíochta ar cheathrar as pobail Bhéarla na Gaeltachta in aghaidh duine amháin a bhaineann le ceantar Gaelach. Seo daonlathas lucht an Bhéarla san eagraíocht a cruthaíodh do na Gaeil. Cá bhfágfar daonlathas na nGael sa toradh seo? Ní fhéadfadh éifeacht dhearfach a bheith ag Gaeil ar a gcuid cúinsí deacra féin nuair atá tosaíocht mar seo á tabhairt do riachtanais chainteoirí Béarla ar fhéiniúlacht na Gaeltachta.

Mura mbeifear in ann dul i ngleic leis an bpríomhcheist – inmharanacht an phobail Ghaelaigh – is é cúram *Potemkineach* a bheas roimh na forais Ghaeltachta

[1] Féach na moltaí sna foilseacháin seo a leanas:
*Beartas Úr na nGael: Dálaí na Gaeilge san Iar-Nua-Aoiseachas* (2016, lgh. 59–68; 107–112)
*Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011* (2015)
*Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta* (2014, lgh. 221–250)
*An Chonair Chaoch: an Mionteangachas sa Dátheangachas* (2012, lgh. 231–236)
*Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach* (2007, lgh. 496–543).

chun ceilt a dhéanamh ar an scrios atá á dhéanamh ar bhonn sóisialta na Gaeilge dúchais. Go simplí, tá na tuiscintí is bonn do na leasuithe reachtúla romhór as dáta ó thaobh chomhdhéanamh agus dhaonra na Gaeltachta de le leas a dhéanamh. Sa gcoibhneas cumhachta seo idir cainteoirí gníomhacha Béarla agus Gaeilge, ní bheidh san atheagar ar Bhord an Údaráis ach sampla eile de dhíchumhachtú na nGael ina limistéar fhéin – is é sin, an eagraíocht Ghaeltachta ag bainistiú teacht i dtreis an Bhéarla sna limistéir Ghaelacha.

## Mídhiagnóis ar an bhFadhb

Seo próiseas a thosaigh tamall ó shoin. Áitím go bhfuair a raibh ann de chur chuige Gaelach an Stáit bás sa mbliain 2010 nuair a feidhmíodh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Ní hamháin gur léiríodh inti míléamh na Ranna Stáit ar riachtanais na Gaeltachta, ach réamhléiríodh gurbh é bonn tuisceana na bhfoghlaimeoirí Gaeilge seachas dúshláin an phobail dúchais Ghaeilge a mhúnlódh forálacha *Acht na Gaeltachta 2012*. Go hachomair, b'ionann seo agus aimhleas a dhéanamh ar chainteoirí Gaeilge na Gaeltachta le freastal a dhéanamh ar riachtanais cainteoirí eile Gaeilge. Choinneodh an *Straitéis* dé i soláthar eagraíochtúil na Gaeilge in ainneoin imeacht as an phobail urlabhra. Sa méid sin, ba pholasaí árachais sochtheangeolaíochta a bhí sna leasuithe le cúiteamh a dhéanamh ar athrú urlabhra na Gaeltachta go Béarla trí thionscadail éagsúla dara teanga a threisiú.

## Mífheidhmiúlacht Iontógtha na Straitéise Reatha

Ó thaobh chur chuige reatha an Státchórais sa nGaeltacht, tá fadhbanna polaitiúla agus míthuiscintí anailíse araon ag plúchadh acmhainn an phobail dul i ngleic lena ngátar. D'fhógair an tIar-Aire Rialtais, Pat Carey, blianta ó shoin gur bhraith sé go raibh an *Straitéis* chomh marbh le hart – toradh ar mhífheidhmiúlacht iontógtha nó *inbuilt obsolescence* na *Straitéise*, is dócha. Fágann sin go léir go bhfuil na forais Ghaeltachta ag féachaint le leas na bhfoghlaimeoirí Gaeilge a dhéanamh seachas feidhmiú ar son leas na nGael dúchais. Ní raibh de thionchar ag an dua a caitheadh leis an *Straitéis* agus leasú an *Achta* ach an pobal a threorú ar ais chun an *status quo*.

## Ródhóchas na mBeartas ardréime

Géilleadh do cheannas sochaíochtúil an Bhéarla in Éirinn, faoi réir brúnna móra sóisialta agus polaitiúla. Is é seo is cionsiocair le mísheasmhacht na Gaeltachta. Is i mbeartais stuama shóisialta agus pholaitiúla, mar sin, a gheofar an t-aon dóchas a bheas i ndán don phobal Gaelach.

Siar sna hochtóidí, chuir scoláire mór an mhionteangachais, Joshua Fishman, fainic ar lucht na Gaeilge, agus ar mhionlaigh teanga eile, gan ródhóchas a chur i mbeartais shiombalacha ardréime Stáit nó i mbeartais bheaga áitiúla. Is trua nár éisteadh lena chomhairle agus dlús níb fholláine ag an bpobal Gaelach ag an tráth úd. Go simplí, san aird oifigiúil seo ar bheartais ardréime, níl cúram á dhéanamh do na riachtanais struchtúrtha agus chórasacha a dhéanfadh leas coitcheann na forbartha pobail i measc na nGael.

## Béarlú deiridh na Gaeltachta

Níl an pobal Gaelach dall ar a gcás féin ná dúr faoi dhioscúrsaí fáin ardréime an Státchórais agus i gcuid de na ranna ollscoile. In ainneoin iarrachtaí mórchroíocha na nOifigeach Pleanála Teanga, tuigtear freisin nach bhfuil in ócáidí beaga áitiúla Gaeilge ach sop in áit na scuaibe nuair a theastaíonn athnuachan mhór struchtúrtha agus straitéise. Mura dtabharfar aghaidh ar riachtanais shóisialta agus pholaitiúla na nGael, ní bheidh i bpolasaithe reatha Gaeilge ach reitric fholamh gan bhrí in aghaidh Bhéarlú deiridh na Gaeltachta. Seo siondróm falsa "dhul chun cinn na Gaeilge" ag an am céanna is atá laghdú suntasach á dhéanamh ar chumais na nGael a bpobal urlabhra fhéin a choisint.

## Cultúr na Cinsireachta

Gan fianaise shóisialta na nGael a thabhairt san áireamh, ní fhágtar ach cur chuige neamheolaíochtúil ag an nGaeltacht. Ach mar bharr ar an donacht seo, is léir go bhfuil cultúr na cinsireachta á chothú ag na forais leis an mífheidhm a cheilt, mar a léiríodh i ndoicheall an Státchórais leis an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch* (2015) agus san imeaglú Stáit a d'fhulaing Guth na Gaeltachta. Is í an chinsireacht seo is cúis leis an gcaoi theoranta a phléitear cúrsaí na Gaeilge agus na Gaeltachta in Éirinn – aird mhór ar uaillmhianta eagraíochtúla agus gannchuid spéise i riachtanais shóisialta an phobail! Cén chaoi a bhféadfadh plé poiblí folláin faoi cheisteanna casta a bheith ann mura mbeadh fáilte ar léargais agus barúlacha éagsúla? Ní mór an fhadhb chultúrtha Stáit seo a réiteach. Ní chuirfidh an pobal muinín cheart i mbeartais Ghaeltachta nach gcíortar go trédhearcach.

## Lámh Cheilte Ghnóthaí Gaeilge an Státchórais

I gcomhthéacs rathúil polasaí Stáit, teastaíonn gnáthchur agus cúiteamh an daonlathais. Tá sin in easnamh i gcur chuige Gaeltachta an Stáit. Mar shampla, an iad oifigigh shinsearacha Stáit a thograigh as a stuaim fhéin neamhaird a thabhairt ar fhianaise eolaíochtúil agus moltaí na dtograí taighde Gaeltachta nó ar thug daoine seachtracha comhairle dóibh a leithéid a dhéanamh? In éagmais

an eolais seo, is é an tátal lom a bhainfidh an pobal as go bhfuil lámh cheilte ag an stiúir – gné eile de chultúr mífholláin an Státchórais a bhfuil cúram na Gaeilge orthu, is baolach.

## Teacht as an tSáinn

Molaim baill an Chomhchoiste as aird a choinneáil ar na ceisteanna tábhachtacha seo. De bharr na faillí sa gcur chuige reatha, tá ról sonrach ag polaiteoirí aird an phobail a dhíriú ar thosaíochtaí má táthar le teacht as an tsáinn reatha. Tá cúrsaí sa nGaeltacht chomh híogair faoi láthair, áfach, nach ndéanfadh atheagrú ar Bhord Stiúrtha an Údarais ann fhéin mórán leasa.
Ba mhaith liom seacht moladh a dhéanamh:

### Moladh 1: Sainiú ábhartha ar an nGaeltacht

Mholfainn go saineodh na forais Stáit na ceantracha úd sa nGaeltacht a bhfuil pobal beo cainteoirí Gaeilge iontu (m.sh. Catagóirí A agus cuid de Chatagóirí B). Thabharfadh seo:

1. ceantracha feidhme le haghaidh cur chuige ábhartha a d'fheilfeadh do phobal cainteoirí Gaeilge;
2. ceantracha feidhme sa gcuid eile den Ghaeltacht Oifigiúil le haghaidh beartais shonraithe oideachais, siamsaíochta agus cultúrtha.

### Moladh 2: Áisíneacht Forbartha Pobail na Gaeltachta

Mholfainn athmhúnlú a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhm Údarás na Gaeltachta:

1. le go mbeadh sé ina áisíneacht láidir forbartha pobail do Ghaeil na Gaeltachta;[2]
2. le go gcaithfí na hacmhainní teoranta chun an leas is fearr a dhéanamh do na Gaeil.

### Moladh 3: Grúpa Comhairleach a bhunú

Mholfainn grúpa oibre comhairleach a bhunú, comhdhéanta de dhaoine ag a bhfuil taithí éagsúil, le haghaidh:

1. beachtú a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíochtúil agus ar dhearadh cur chuige córasach;
2. athmhúnlú a dhéanamh ar chúram feiliúnach Státchórais do chúinsí reatha na Gaeltachta.

---

[2] Feách *Beartas Úr na nGael*, moltaí an *Staidéir Chuimsithigh* agus Caib. 9, agus *The Gaelic Crisis in the Vernacular Community*.

### Moladh 4: Coiste Iniúchta Stáit

Mholfainn Coiste Gearrthréimhseach Iniúchta Stáit a bhunú, comhdhéanta de pholaiteoirí agus sheirbhísigh shinsearacha phoiblí, le haghaidh:

1. teacht ar thuisint shoiléir faoin drogall a bhí ar an Státchóras dul i ngleic le dúshláin shóisialta, fhianaise-bhunaithe na Gaeltachta.

### Moladh 5: Fóram Comhréitigh

Mholfainn Fóram Comhréitigh a bhunú le haghaidh:

1. fadhb chutúrtha na cinsireachta a cheartú d'fhonn iarrachtaí stuama a chothú le go mbeidh plé oscailte, macánta ann;
2. comhthéacs folláin a chruthú le haghaidh an chomhoibrithe chiallmhair idir an pobal agus forais éagsúla tacaíochta.

### Moladh 6: Ionad Taighde

Mholfainn Ionad Taighde sonrach ar Chultúr Sóisialta na nGael a bhunú le haghaidh:

1. comhairle, fianaise shóisialta agus léargas a roinnt leo siúd ar mhian leo an Ghaeltacht a athnuachan;
2. tacaíocht taighde a thabhairt don athmhúnlú ar chur chuige an Stáit sa nGaeltacht agus do chur i bhfeidhm cur chuige straitéiseach a fheileann do mhionlach teanga.

### Moladh 7: Croí-mhodúil an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch* a uasdátú

Mholfainn conradh taighde úr a thairiscint le:

1. Go ndéanfaí uasdátú ar chroí-mhodúil an *Staidéir Chuimsithigh Theangeolaíoch;*[3]
2. Staitisticí suas-chun-dáta faoi staid reatha na Gaeltachta a chur ar fáil.

## Clabhsúr

In am an ghátair, ní mór athruithe radacacha a bheartú. Ba mhó an seans go spreagfaí misneach i measc an phobail dá bhfógródh an Stát go bhfuil siad le hiarracht mhisniúil a dhéanamh cur chuige agus tacaíocht ábhartha a chur i bhfearas trí athdhearadh ó bhonn a dhéanamh ar chur chuige an Stáit sa nGaeltacht.

---

[3] Ina n-áirítear Anailís Dhéimitheangeolaíochta an Daonáirimh, Suirbhé na nDaoine Óga, agus Suirbhé na Réamhscoileanna.